AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.5.2021
COM(2021) 226 final

2021/0115 (BUD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh tar éis iarratas ón Ísiltír – EGF/2020/004 NL/KLM**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Tá na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006[1] (an 'Rialachán maidir le CED')[2].

2. An 22 Nollaig 2020, chuir an Ísiltír iarratas EGF/2020/004 NL/KLM isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, de dheasca iomarcaíochtaí[3] in KLM Royal Dutch Airlines san Ísiltír.

3. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, tháinig sé ar an gconclúid, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme sa Rialachán maidir le CED, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

## ACHOIMRE AR AN IARRATAS

| | |
|---|---|
| Iarratas ar CED | EGF/2020/004 NL/KLM |
| Ballstát | An Ísiltír |
| An réigiún/na réigiúin lena mbaineann (leibhéal 2 NUTS[4]) | Noord-Holland (NL32) |
| An dáta a cuireadh an t-iarratas isteach | 22 Nollaig 2020 |
| An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t-iarratas | 22 Nollaig 2020 |
| An dáta a iarradh faisnéis bhreise | 5 Eanáir 2021 |
| An spriocdháta leis an bhfaisnéis bhreise a sholáthar | 16 Feabhra 2021 |
| An spriocdháta leis an measúnú a chur i gcrích | 11 Bealtaine 2021 |
| An critéar idirghabhála | Airteagal 4(1)(a) den Rialachán maidir le CED |
| An príomhfhiontar | KLM Royal Dutch Airlines |
| An líon fiontar lena mbaineann | 1 |
| An earnáil/na hearnálacha a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch (Rannán NACE Athbhreithniú 2)[5] | Rannán 51 (Aeriompar) |

[1] IO L 347, 20.12.2013, lch. 855.
[2] Tá feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 maidir le gach iarratas a fhaightear faoin 31 Nollaig 2020.
[3] De réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le CED.
[4] Rialachán (AE) Uimh. 1046/2012 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú i dtaca le tarchur na hamshraithe le haghaidh an mhiondealaithe réigiúnaigh nua (IO L 310, 9.11.2012, lch. 34).
[5] IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

| | |
|---|---|
| An tréimhse thagartha (ceithre mhí): | 15 Lúnasa 2020 – 15 Nollaig 2020 |
| An líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha (*a*) | 650 |
| An líon iomarcaíochtaí roimh an tréimhse thagartha nó ina diaidh (b) | 1 201 |
| An líon iomlán iomarcaíochtaí (*a* + *b*) | 1 851 |
| An líon iomlán tairbhithe incháilithe | 1 851 |
| An líon iomlán tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | 1 201 |
| An buiséad le haghaidh seirbhísí pearsantaithe (EUR) | 8 030 750 |
| An buiséad chun CED[6] a chur chun feidhme (EUR) | 334 614 |
| Buiséad iomlán (EUR) | 8 365 364 |
| Ranníocaíocht ó CED (60 %) (EUR) | 5 019 218 |

## MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

### Nós imeachta

4. An 22 Nollaig 2020, chuir an Ísiltír iarratas EGF/2020/004 NL/KLM isteach, i.e. laistigh de 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán maidir le CED. Dheimhnigh an Coimisiún an dáta céanna go bhfuarthas an t-iarratas agus d'iarr sé faisnéis bhreise ar an Ísiltír an 5 Eanáir 2021. Soláthraíodh an fhaisnéis bhreise sin laistigh de shé seachtaine ón tráth a iarradh í. An spriocdháta 12 sheachtain ón tráth a fuarthas an t-iarratas comhlánaithe, tréimhse ar lena linn ba cheart don Choimisiún críoch a chur leis an measúnú ar an gcaoi a bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar á gcomhlíonadh leis an iarratas, rachaidh sé in éag an 11 Bealtaine 2021.

### Incháilitheacht an iarratais

*Na fiontair agus na tairbhithe lena mbaineann*

5. Baineann an t-iarratas le 1 851 n-oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht in KLM Royal Dutch Airlines. Oibríonn an fiontar sin san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi Rannán 51 NACE Athbhreithniú 2 (Aeriompar). Na hiomarcaíochtaí a rinne KLM, rinneadh iad i gCúige Noord-Holland (NL32), atá ar leibhéal 2 NUTS.

*Critéir idirghabhála*

6. Chuir an Ísiltír an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán maidir le CED, lena gceanglaítear go gcuirfí ar a laghad 500 oibrí ar iomarcaíocht le linn tréimhse thagartha ceithre mhí i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe ar chuir soláthraithe agus táirgeoirí iartheachtacha ar iomarcaíocht iad agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht.

7. Maireann an tréimhse thagartha naoi mí le haghaidh an iarratais ó Dé hAoine an 15 Lúnasa 2020 go dtí Dé Sathairn an 15 Nollaig 2020.

---

[6] I gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 1309/2013.

8. Cuireadh 650 oibrí ar iomarcaíocht in KLM le linn na tréimhse tagartha.

*Iomarcaíochtaí agus scor na ngníomhaíochtaí a ríomh*

9. Rinneadh na hoibrithe ar fad a cuireadh ar iomarcaíocht le linn na tréimhse tagartha a ríomh ó dháta fhógra aonair an fhostóra lenar léiríodh go raibh an t-oibrí le leagan as nó go raibh conradh fostaíochta an oibrí le foirceannadh.

*Tairbhithe incháilithe*

10. I dteannta na n-oibrithe a ndearnadh tagairt dóibh cheana féin, áirítear leis na tairbhithe incháilithe 1 201 oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht roimh an tréimhse thagartha ceithre mhí nó ina diaidh. Cuireadh gach duine de na hoibrithe sin ar iomarcaíocht tar éis an fhógra ghinearálta maidir leis na hiomarcaíochtaí réamh-mheasta an 21 Bealtaine 2020. Is féidir nasc cúisíoch soiléir a aithint leis an eachtra a spreag na hiomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha.

11. Dá bhrí sin, is é 1 851 nduine an líon iomlán tairbhithe incháilithe.

*Nasc idir na hiomarcaíochtaí agus géarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch*

12. An 11 Márta 2020, dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) paindéim dhomhanda COVID-19. An 27 Bealtaine 2020, ina theachtaireacht dar teideal ‘Buiséad an Aontais Eorpaigh (AE): ag cumhachtú an Phlean Téarnaimh don Eoraip’[7], d’fhógair an Coimisiún Eorpach gur eascair géarchéim eacnamaíoch as an ngéarchéim sláinte, agus leag sé amach plean téarnaimh le haghaidh an gheilleagair. Sa phlean sin, cuireadh san áireamh ról CED mar uirlis éigeandála chun cabhrú le daoine a chaill a bpost de dheasca na géarchéime eacnamaíche domhanda.

13. Ba í an phaindéim ba chúis leis an gcúlú is doimhne i stair an Aontais. De réir ‘Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa - Geimhreadh 2021’ ón gCoimisiún[8], tháinig crapadh thart ar 6,3 % ar OTI an Aontais in 2020, agus tuaradh go dtiocfadh méadú 3,7 % air in athuair in 2021 agus 3,9 % in 2022.

14. Bhí tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar thionscal na heitlíochta i ngeall ar shrianta taistil agus i ngeall ar mheath suntasach ar aeriompar paisinéirí. Leis an titim ar líon na bpaisinéirí, tháinig laghdú mór ar ioncam na n-aerlínte agus bhí ar chuid mhaith acu fostaithe a leagan as nó dócmhainneacht a dhearbhú. In mí Aibreáin 2020, tháinig laghdú 98,9 % ar thrácht idirnáisiúnta paisinéirí i gcomparáid le mí Aibreáin 2019 agus cuireadh 64 % de na haerárthaí domhanda i stóráil. Ba é sin an crapadh ba mhó riamh i stair na heitlíochta[9].

15. I mí an Mheithimh 2020, tháinig ardú beag ar éileamh na bpaisinéirí, ach bhí sé fós i bhfad faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim. Tháinig laghdú 86,5 % ar éileamh iomlán (arna thomhas i bpaisinéirí in aghaidh an chiliméadair íoctha nó RPKanna) i gcomparáid le mí an Mheithimh 2019[10].

---

7 COM(2020) 442 final.

8 Réamhaisnéis Eacnamaíoch - Geimhreadh 2021 https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/economic-performance-and-forecasts/economic-forecasts/winter-2021-economic-forecast-challenging-winter-light-end-tunnel_en

9 ATAG. Eitlíocht: Tuarascáil 2020 ar Thairbhe Trasteorann: https://aviationbenefits.org/media/167186/abbb2020_full.pdf

10 IATA: Anailís ar Mhargadh an Aeir – mí an Mheithimh 2020: https://www.iata.org/en/iata-repository/publications/economic-reports/air-passenger-monthly-analysis---june-20202/

**Líon na bpaisinéirí aeir**[11]

Paisinéirí in aghaidh an chiliméadair íoctha ar fud an tionscail - RPKanna (billiún in aghaidh na míosa)




16. Ar an iomlán, tháinig laghdú 75,6 % ar éileamh idirnáisiúnta na bpaisinéirí in 2020 i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann in 2019. Tháinig laghdú 68,1 % ar an acmhainneacht (arna tomhas i gciliméadair na suíochán atá ar fáil) agus maidir leis an lódfhachtóir paisinéirí (lena dtomhaistear céatadán an na hacmhainneachta suíochán atá ar fáil agus a líontar le paisinéirí), tháinig laghdú 19,2 pointe céatadáin air go dtí 62,8 %[12].

17. De réir réamhaisnéis dhomhanda na bpaisinéirí ón gComhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta, tógfaidh sé idir 3 agus 4 bliana ar thionscal na heitlíochta teacht ar ais chuig an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim[13].

18. Go dtí seo, is é an earnáil aerthaistil a bhí faoi chaibidil i dtrí cinn d'iarratais ar thacaíocht CED, agus iad ar fad bunaithe ar dhomhandú a bhaineann le trádáil[14].

---

[11] Ibid.

[12] IATA : https://www.iata.org/en/pressroom/pr/2021-02-03-02/

[13] IATA: https://www.iata.org/en/pressroom/pr/2020-07-28-02/

[14] EGF/2017/009 FR/Air France, COM(2018) 230; EGF/2013/014 FR Air France, COM(2014) 701 agus EGF/2015/004 IT Alitalia, COM(2015) 397.

*Na himeachtaí ba chúis leis na hiomarcaíochtaí agus le scor na ngníomhaíochtaí*

19. Na heachtraí as ar tháinig na hiomarcaíochtaí sin, is toradh iad ar an ngéarchéim eacnamaíoch dhomhanda gan choinne a d'eascair as paindéim COVID-19.

20. Tuairiscíonn an Ísiltír go bhfuil KLM buailte go dona ag paindéim COVID-19. Roimh an bpaindéim, tháinig méadú seasta ar fheidhmíocht airgeadais KLM idir 2015 agus 2019. In 2015, chláraigh KLM ioncam EUR 9 905 milliún, ach faoi 2019 bhí sé sin méadaithe go dtí EUR 11 075 milliún. EUR 449 milliún an glanbhrabús a bhí ann le haghaidh na bliana airgeadais 2019 i gcomparáid le EUR 54 milliún le haghaidh 2015[15].

21. Mar sin féin, mar gheall ar an ngéarchéim, tá an bonn bainte ó dhea-thorthaí KLM le blianta beaga anuas. I lár mhí an Mhárta 2020, tháinig deireadh le hoibríochtaí KLM, a bheag nó a mhór, agus tá a gcostais oibriúcháin fós ar an leibhéal céanna[16].

22. D'iompair KLM 11,2 milliún paisinéir in 2020, ar laghdú ollmhór 68 % é sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Thit an fachtóir ualaigh paisinéirí go dtí 52,2 % i gcomparáid le 89,4 % in 2019[17].

23. In 2020, tháinig laghdú 53,8 % ar ioncam KLM go dtí EUR 5 120 milliún, i gcomparáid le bliain roimhe sin. Mar gheall ar an titim ghéar in ioncam, bhailigh KLM caillteanas oibriúcháin EUR 1 154 milliún in 2020, i gcomparáid le brabús EUR 714 milliún in 2019[18].

24. An 31 Iúil 2020, d'fhógair bainistíocht KLM plean athstruchtúraithe chun costais a laghdú. Dá thoradh sin, tháinig laghdú thart ar 5 000 coibhéis lánaimseartha ar an lucht saothair (ó 33 000 coibhéis lánaimseartha go 28 000)[19].

25. Is é a thuarann bainistíocht KLM go bhfillfear ar na gluaiseachtaí eitilte a bhí ann roimh an ngéarchéim faoi 2024. Braithfidh méid agus luas an téarnaimh ar roinnt tosca lena n-áirítear forbairt an víris, téarnamh eacnamaíoch agus iompar taistil an chustaiméara[20].

*An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta agus ar an bhfostaíocht*

26. Bíonn tionchar tromchúiseach ag na hiomarcaíochtaí in KLM ar ngeilleagar náisiúnta. Is é KLM an dara fostóir príobháideach is mó san Ísiltír agus os cionn 33 000 fostaí aige[21].

27. Is ó Amsterdam Airport Schiphol a oibríonn KLM agus tá a cheanncheathrú aige in Amstelveen, rud a fhágann go bhfuil a lán fostaithe de chuid KLM ina gcónaí i gCúige Noord-Holland.

---

15 Tuarascáil bhliantúil KLM 2019: https://www.klm.com/travel/nl_nl/images/KLM-Jaarverslag-2019_tcm541-1063986.pdf

16 Litir an 24 Aibreán 2020 chuig Teach na nIonadaithe ón Aire Airgeadais Wopke Hoekstra agus ón Aire Bonneagair agus Bainistíochta Uisce Cora van Nieuwenhuizen maidir le bearta tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh Air France-KLM: https://www.government.nl/documents/parliamentary-documents/2020/04/24/letter-on-possible-support-measures-for-air-france-klm

17 https://www.airfranceklm.com/sites/default/files/q4_2020_press_release_en_final.pdf

18 https://www.airfranceklm.com/sites/default/files/q4_2020_press_release_en_final.pdf

19 KLM newsroom: https://news.klm.com/klm-adapts-organisation-further-due-to-covid-19-crisis/

20 Aviation24: https://www.aviation24.be/airlines/air-france-klm-group/klm-royal-dutch-airlines/cuts-staff-to-cope-with-coronavirus-pandemic/

21 Tuarascáil bhliantúil KLM 2019: https://www.klm.com/travel/nl_nl/images/KLM-Jaarverslag-2019_tcm541-1063986.pdf

28. Tháinig méadú 1,5 pointe céatadáin, go dtí 4,8 %, ar an ráta dífhostaíochta in Noord-Holland sa cheathrú ráithe de 2020 i gcomparáid leis an ráithe chéanna in 2019. I gcomparáid leis na cúigí comharsanachta, bhí an ráta dífhostaíochta is airde ag Noord-Holland i gcomparáid le 4,2 % in Flevoland agus 4,5 % in Zuid-Holland[22].

29. Áitíonn an Ísiltír go bhfuil Amsterdam (ar foréigiún de chuid Chúige Noord-Holland é) i measc na réigiún is mó atá buailte ag na hiomarcaíochtaí. Is é is cúis leis sin gurb iad na hearnálacha a bhfuil an chuid is mó acu lonnaithe sa réimse sin, amhail eitlíocht, fáilteachas, cultúr, spórt agus áineas, gurb iad is mó atá thíos leis an ngéarchéim eacnamaíoch[23].

30. De réir na sonraí a bhailigh Gníomhaireacht Árachais Fostaithe na hÍsiltíre (UWV) i mí an Mheithimh 2020, oibríonn 34 % d'fhostaithe i bhfo-réigiún Amsterdam in earnálacha ina raibh laghdú mór nó an-mhór ar an bhfostaíocht, agus thart ar 32 % a bhí san fhigiúr náisiúnta[24].

## Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú agus na bearta atá beartaithe

*Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú*

31. As na 1 851 nduine incháilithe, meastar gurb é 1 201 an líon oibrithe iomarcacha a ghlacfaidh páirt i mbearta CED. Seo a leanas an miondealú a rinneadh ar na hoibrithe iomarcacha sin de réir gnéis, saoránachta agus aoisghrúpa:

| Catagóir | | An líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | |
|---|---|---|---|
| Gnéas: | Fir: | 933 | (77,69 %) |
| | Mná: | 268 | (22,31 %) |
| Saoránacht: | saoránaigh den Aontas Eorpach: | 1 180 | (98,25 %) |
| | daoine nach saoránaigh den Aontas iad: | 21 | (1,75 %) |
| Aoisghrúpa: | 15 bliana - 24 bliana: | 35 | (2,91 %) |
| | 25 bliana - 29 mbliana: | 92 | (7,66 %) |
| | 30 bliain - 54 bliana: | 697 | (58,04 %) |
| | 55 bliana - 64 bliana: | 353 | (29,39 %) |
| | os cionn 64 bliana: | 24 | (2,00 %) |

22 Oifig Staidrimh na hÍsiltíre (CBS): https://opendata.cbs.nl/statline/#/CBS/nl/dataset/83523NED/table?dl=4B4E7

23 An tuarascáil ó Ghníomhaireacht Árachais Fostaithe na hÍsiltíre (UWV): https://www.uwv.nl/overuwv/Images/regionale-verschillen-impact-corona-werkgelegenheid.pdf

24 Ibid.

*Incháilitheacht na ngníomhaíochtaí atá beartaithe*

32. Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas i gceist leis na seirbhísí pearsantaithe a sholáthrófar d'oibrithe iomarcacha:

– Treoshuíomh gairmiúil. Le linn na céime seo gheobhaidh na rannpháirtithe faisnéis faoin bpróiseas tacaíochta, faoin treoshuíomh agus faoin gcúnamh cuardaigh poist. Cuimsítear leis freisin cóitseáil féinmhuiníne aonair chun cabhrú le hoibrithe bogadh go poist nua.

– Tacaíocht chun obair a fháil in earnálacha tiomnaithe. Cuirfidh an beart seo cúnamh gairmiúil ar fáil chun bogadh chuig earnálacha ina bhfuil ganntanas lucht saothair, amhail oideachas, cúram sláinte, lóistíocht, teicneolaíochtaí agus bainistíocht faisnéise. Mar shampla, d'fhéadfadh daoine a bhfuil cúlra teicniúil acu (i.e. innealtóireacht agus cothabháil KLM) a athsciliú chun go mbeidh siad in ann post a fháil in earnáil a bhaineann leis an teicneolaíocht.

– Oiliúint, cóitseáil agus/nó oideachas. Cuimseofar leis sin bearta chun na scileanna a theastaíonn i réimse nua fostaíochta a fhorbairt.

– Comhairle airgeadais. Cuirfidh an beart seo measúnú aonair agus comhairle airgeadais ar fáil chun a áirithiú go mbeidh léargas soiléir ag an bhfostaí lena mbaineann ar a staid airgeadais agus ar an ionchas chun an cinneadh ceart a dhéanamh. Sa mheasúnú sin, cuirfidh saineolaí na seirbhíse airgeadais san áireamh cúinsí pearsanta, an tionchar a bhíonn ag athrú ar phost ar ioncam, staid tithíochta (i.e. an cumas oibleagáidí morgáiste a chomhlíonadh, táillí cíosa, éifeacht athshuímh fhéideartha), agus éifeachtaí beart sonrach ó chomhaontuithe comhchoiteanna saothair agus éifeachtaí na rialachán fioscach náisiúnta atá ag athrú.

33. Is éard atá sna bearta atá beartaithe a shonraítear anseo, bearta gníomhacha i leith an mhargaidh saothair de réir na ngníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 den Rialachán maidir le CED. Ní chuirfear na gníomhaíochtaí sin in ionad bearta éighníomhacha i leith cosaint shóisialta.

34. Sholáthair an Ísiltír an fhaisnéis a theastaíonn maidir leis na gníomhaíochtaí a cheanglaítear ar an bhfiontar lena mbaineann de réir an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. Dheimhnigh sí nach ndéanfar ranníocaíocht airgeadais ó CED a chur in ionad na ngníomhaíochtaí sin.

*Buiséad measta*

35. Is é EUR 8 365 364 na costais mheasta iomlána, a chuimsíonn caiteachas EUR 8 030 750 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 334 614 ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe.

36. Is é EUR 5 019 218 (60 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ó CED.

| Gníomhaíochtaí | An líon measta rannpháirtithe | An costas measta in aghaidh an rannpháirtí | Costais mheasta iomlána |
|---|---|---|---|

| | | (EUR) | (EUR) |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí pearsantaithe (Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(1)(a) agus (c) den Rialachán maidir le CED) | | | |
| Treoshuíomh gairmiúil | 901 | 3 750 | 3 378 750 |
| Tacaíocht chun obair a fháil in earnálacha tiomnaithe | 300 | 5 000 | 1 500 000 |
| Oiliúint, cóitseáil agus/nó oideachas | 1 201 | 2 000 | 2 402 000 |
| Comhairle airgeadais | 600 | 1 250 | 750 000 |
| Fo-iomlán (a):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe | – | | 8 030 750<br>(100 %) |
| Liúntais agus dreasachtaí (Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(1)(b) den Rialachán maidir le CED) | | | |
| | 0 | 0 | 0 |
| Fo-iomlán (b):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe: | – | | 0<br>(0 %) |
| Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(4) den Rialachán maidir le CED | | | |
| 1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin | – | | 0 |
| 2. Bainistíocht | – | | 83 654 |
| 3. Faisnéis agus poiblíocht | – | | 83 654 |
| 4. Rialú agus tuairisciú | – | | 167 306 |
| Fo-iomlán (c):<br>An céatadán de na costais iomlána: | – | | 334 614<br>(4 %) |
| Costais iomlána (a + b + c): | – | | 8 365 364 |
| Ranníocaíocht ó CED (60 % de na costais iomlána) | – | | 5 019 218 |

*Tréimhse incháilitheachta an chaiteachais*

37. An 1 Feabhra 2021, thosaigh an Ísiltír na seirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú. Dá bhrí sin, an caiteachas ar na gníomhaíochtaí, beidh sé incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Feabhra 2021 go dtí an 1 Feabhra 2023.

38. An 1 Feabhra 2021, thosaigh an Ísiltír ag tabhú an chaiteachais riaracháin chun CED a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, beidh an caiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Feabhra 2021 go dtí an 1 Lúnasa 2023.

*Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí atá á maoiniú ó chistí náisiúnta nó ó chistí an Aontais*

39. Is é KLM an fhoinse réamh-mhaoinithe náisiúnta nó cómhaoinithe náisiúnta.

40. Maidir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu thuas agus atá ag fáil ranníocaíocht airgeadais ó CED, dheimhnigh an Ísiltír nach bhfaighidís ranníocaíochtaí airgeadais freisin ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais Eorpaigh[25].

*Nósanna imeachta um dhul i gcomhairle leis na tairbhithe spriocdhírithe nó lena n-ionadaithe nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*

41. Tá sé tugtha le fios ag an Ísiltír gur cuireadh an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe le chéile i gcomhairle le geallsealbhóirí agus comhpháirtithe sóisialta. Cuireadh comhairle oibreacha ar bun lena chinntiú go gcomhordófar na seirbhísí sin.

42. Ar na gníomhaíochtaí ullmhúcháin bhí cruinnithe leis an gcomhairle oibreacha agus leis na ceardchumainn, mar atá Christelijk Nationaal Vakverbond (CNV), De Unie, Nederlandse Vereniging voor Luchtvaart (NVLT), Vereniging Nederlands Cabinepersoneel (VNC), Vereniging van KLM Professionals (VKP), agus Federatie Nederlandse Vakbeweging (FNV).

**Córais bhainistithe agus rialaithe**

43. Déantar cur síos san iarratas ar an gcóras bainistithe agus rialaithe lena sonraítear freagrachtaí na gcomhlachtaí atá rannpháirteach. Thug an Ísiltír fógra don Choimisiún gurb iad na comhlachtaí sin a bhainistíonn agus a rialaíonn Ciste Sóisialta na hEorpa a bhainisteoidh agus a rialóidh an ranníocaíocht airgeadais. Is é an rannán den roinn Seirbhíse, Comhoibrithe agus Cur chun Feidhme a bhíonn ag plé le Beartas a Chur chun Feidhme a dhéanann na cúraimí bainistíocht agus rialaithe (SZV; An Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Fostaíochta).

44. Maidir le ról an údaráis deimhniúcháin, glacann Gníomhaíocht Fiontraíochta na hÍsiltíre (RVO) leis seo, a fheidhmíonn faoin Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Beartas Aeráide. Maidir le hiniúchóireacht, is í Seirbhís Iniúchóireachta an Lár-Rialtais de chuid na hAireachta Airgeadais an comhlacht atá freagrach.

**Na gealltanais a thug an Ballstát lena mbaineann**

45. Thug an Ísiltír na dearbhuithe go léir a theastaíonn maidir leis na nithe seo:

   – cloífear leis na prionsabail um chóir chomhionann agus neamh-idirdhealú maidir le rochtain ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin,

   – comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,

   – maidir le KLM, a lean lena ghníomhaíochtaí tar éis dó na daoine lena mbaineann a chur ar iomarcaíocht, rinne sé a chuid oibleagáidí dlíthiúla lena rialaítear na hiomarcaíochtaí a chomhlíonadh agus riar sé dá chuid oibrithe dá réir,

[25] An 13 Iúil 2020, d'fhormheas an Coimisiún Eorpach, faoi rialacha an Aontais maidir le státchabhair, beart státchabhrach de chuid na hÍsiltíre ar fiú EUR 3.4 billiún é arb éard atá ann ráthaíocht Stáit maidir le hiasachtaí agus iasacht fo-ordaithe Stáit do KLM chun leachtacht phráinneach a chur ar fáil don chuideachta i gcomhthéacs na ráige den choróinvíreas. https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_20_1333

– ní bhfaighidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe tacaíocht airgeadais ó chistí eile nó ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais agus coiscfear aon mhaoiniú dúbailte,

– beidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag teacht le gníomhaíochtaí a mhaoinítear leis na Cistí Struchtúracha,

– comhlíonfaidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED rialacha nós imeachta agus rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair.

## IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

### Togra buiséadach

46. Ní sháróidh CED uasmhéid bliantúil EUR 186 milliún (praghsanna 2018) mar a leagtar síos in Airteagal 8(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027[26].

47. Tar éis don Choimisiún an t-iarratas a scrúdú i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) den Rialachán maidir le CED, agus tar éis dó an líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, tá sé beartaithe aige CED EUR 5 019 218 a shlógadh, arb é 60 % de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí atá beartaithe é, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar le haghaidh an iarratais.

48. Maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh an cinneadh atá beartaithe, mar a leagtar síos i bpointe 9 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistiú fónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le tabhairt isteach acmhainní dílse nua[27].

### Gníomhartha gaolmhara

49. An tráth céanna a thíolacfaidh sé an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, déanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le haghaidh EUR 5 019 218 a aistriú chuig an líne bhuiséadach iomchuí.

50. An tráth céanna a ghlacfaidh sé an togra seo le haghaidh cinneadh maidir le CED a shlógadh, glacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, cinneadh a thiocfaidh i bhfeidhm ar an dáta a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an cinneadh atá beartaithe maidir le CED a shlógadh.

---

26 IO L 433I, 22.12.2020, lch. 15.
27 IO L 433I, 22.12.2020, lch. 29.

2021/0115 (BUD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh tar éis iarratas ón Ísiltír – EGF/2020/004 NL/KLM**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006[28], agus go háirithe Airteagal 15(4) de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistiú fónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le tabhairt isteach acmhainní dílse nua[29], agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) tacaíocht a thabhairt d’oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i ngeall ar mhórathruithe struchtúracha ar phatrúin na trádála ar fud an domhain de thoradh an domhandaithe, nó de bhrí gur lean an ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch ar aghaidh, nó i ngeall ar ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch eile, agus cabhrú le hath-imeascadh na n-oibrithe sin sa mhargadh saothair.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 milliún (praghsanna 2018) faoi mar a leagtar síos in Airteagal 8(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[30].

(3) An 22 Nollaig 2020, chuir an Ísiltír iarratas isteach chun CED a shlógadh, i leith iomarcaíochtaí in KLM Royal Dutch Airlines san Ísiltír. Mar fhorlíonadh ar an iarratas sin, bhí faisnéis bhreise a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013. Comhlíontar san iarratas sin na ceanglais chun ranníocaíocht airgeadais ó CED a shocrú, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 5 019 218 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Ísiltír isteach.

28 IO L 347, 20.12.2013, lch. 855.
29 IO L 433I, 22.12.2020, lch. 29.
30 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an bhfad ama a thógfaidh sé CED a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ón dáta a ghlacfar é,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2021, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh chun méid EUR 5 019 218 a sholáthar ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ina leithreasuithe íocaíochta.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ón [*dáta a ghlactha*][*].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[*] An dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula bhfoilsítear san IO é.